**Admháil le haghaidh Táille €30.00 leis an Iarratas** ***(Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfear an táille a íoc le Rannóg na nÍocaíochtaí Airgid Tirim, Airgeadas, Urlár na Talún, Halla na Cathrach agus ní mór admháil a chur faoi bhráid i dteannta leis an iarratas chuig Rannóg na nDeontas & na nIasachtaí Tithíochta)***

**Comhairle Cathrach Chorcaí** **Cork City Council**

# Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 1995 – Foirm Iarratais

***Tá ar thionóntaí aturnae a bheith acu sula ndéantar iarratas ar an réadmhaoin a cheannach.***
***Léigh na nótaí lastall le do thoil sula gcomhlíontar an fhoirm seo***

## Sonraí an Iarratasóra

AINM (AINMNEACHA) AN IARRATASÓRA (NA nIARRATASÓIRÍ)________________________________________

SEOLADH ________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

UIMH. (UIMHREACHA) GHUTHÁIN __________________________________________________

DÁTA BREITHE ______________________________________________________________

GAIRM (GAIRMEACHA) BHEATHA _________________________________________________

AINM & SEOLADH AN FHOSTÓRA (NA bhFOSTÓIRÍ) ____________________________________
________________________________________________________________________

OLLIONCA(I)M DON BHLIAIN CHÁNACH ROIMH RÉ ________________________________________
**(CAITHFEAR P.60 NÓ CUNTAIS DEIMHNITHE A CHUR FAOI BHRÁID)**
I bhFOSTAÍOCHT(AÍ) REATHA Ó ___________________________________________________

## Sonraí Tionóntachta. Féach Nótaí Uimh. 2, 3 agus 4

TIONÓNTA(Í) AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL Ó ____________________________________________
AG CÓNAÍ AG AN SEOLADH REATHA Ó ___________________________________________
AN BHFUIL SÉ I gCEIST AGAT AN SEOLADH SEO A ÚSÁID MAR GHNÁTHÁIT CHÓNAITHE? TÁ_____ NÍL____
AN BHFUIL CÓNAÍ ORT AG AN SEOLADH SEO I LÁTHAIR NA hUAIRE? TÁ__________ NÍL__________
AN BHFUIL TÚ AG ÁITIÚ AG AN SEOLADH SEO? TÁ__________ NÍL__________
MÁ FHREAGRAÍTEAR TÁ THUAS, AN BHFUIL MEASÚNÚ Á DHÉANAMH ORT CHUN CRÍOCHA CÍOSA? TÁ___ NÍL___
LIOSTAIGH LE DO THOIL NA DAOINE EILE GO LÉIR INA gCÓNAÍ AG AN SEOLADH SEO:

| AINM | GAOL LEIS AN IARRATASÓIR | AOIS | IONCAM SEACHTAINIÚIL |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## Sonraí Cuntais. Féach Nótaí 5, 6 agus 7

CUNTAS MUIRIR SHEIRBHÍSE/BHRUSCAIR GLAN Tá____________ Níl_________________
MÁ FHREAGRAÍTEAR NÍL THUAS, SONRAIGH AN MÉID DLITE €_________ IARRATAS AR THARSCAOILEADH I gCOMHAD Tá_______ Níl__________ ÍOCFAR/GLANFAR FAOI______________________________

CUNTAS CÍOSA- MÉID AN CHÍOSA SEACHTAINIÚIL €___________________
GLAN GO DTÍ SEO Tá__________ Níl_________
MÁ FHREAGRAÍTEAR NÍL THUAS, SONRAIGH AN MÉID DLITE €__________________

AN bhFUIL NA SONRAÍ IONCAIM AG COMHFHREAGAIRT LEO SIÚD A DEARBHAÍODH CHUN CRÍOCHA MEASÚNAITHE CÍOSA? Tá ___________ Níl _________

AN bhFUIL NA SONRAÍ IONCAIM AG COMHFHREAGAIRT LEO SIÚD A DEARBHAÍODH CHUN CRÍOCHA MEASÚNAITHE CÍOSA? Tá ____________ Níl_________
Má fhreagraítear Níl thuas, sonraigh an méid iníoctha go cúlghabhálach €_______________
Íocfar faoi____________________________

Sonraí Ceannaigh. (Ba chóir duit Iarratas ar Iasacht Údaráis Áitiúil a chomhlíonadh láithreach bonn má bhaineann (d) thíos leat).

Conas atá sé i gceist agat ceannach an tí a mhaoiniú (cuir tic thíos le do thoil)

(a) Iasacht Bhainc/Chumainn Foirgníochta
(b) Ceannach le hAirgead Tirim
(c) Iasacht ó Chomhar Creidmheasa
(d) Iasacht um Cheannach Tí ón Údarás Áitiúil ar feadh tréimhse 20 nó 25 bliain.
**(Tabhair faoi deara: Caithfidh Tréimhse na hIasachta a bheith críochnaithe sula sroichtear 65 bliain d'aois)**
(e) Modh Eile (m.sh. cúnamh airgeadais ó ghaol s.rl.)

Má bhaineann (d) thuas leat, forchoimeádann an tÚdarás Tithíochta an ceart an t-iarratas seo a dhiúltú mura meastar, bunaithe ar na sonraí a sholáthraíonn tú anseo feasta, go bhfuil tú incháilithe faoi gnáthchritéir le haghaidh faofa iasachta.

Má bhaineann (e) thuas leat, nó má tá rochtain agat ar fhoinse airgeadais le haghaidh ceannaigh, tabhair sonraí anseo thíos le do thoil:

Má tá aon fhaisnéis eile ar mian leat a sholáthar i dtacú le d'iarratas, sonraigh anseo thíos le do thoil ___________
______________________________________________________________________________

**Nótaí:**

1. Caithfidh gach tionónta an t-iarratas a shíniú.
2. Caithfidh tú a bheith i do thionónta faoi láthair sa teach ar mian leat a cheannach.
3. Caithfidh go raibh tú i do thionónta in áitreabh údaráis áitiúil ar feadh 12 mí ar a laghad.
4. Caithfear leanúint ar aghaidh ag cónaí ag an seoladh seo mar do ghnátháit chónaithe.
5. Ba chóir do na sonraí ioncaim a chuirtear faoi bhráid leis an bhfoirm seo comhfhreagairt leo siúd a chuir an tionónta (na tionóntaí) faoi bhráid cheana féin de réir a gcomhaontaithe ligin chun críocha measúnaithe cíosa.
6. Ní dhéanfar breithniú ach ar iarratais ó thionóntaí a bhfuil cuntas cíosa glan acu **agus** cuntas muirir sheirbhíse/bhruscair glan, trí mheán íocaíochta iomláin nó teidlíocht tarscaoilte.
7. Ní dhéanfar breithniú ach ar na hiarratais sin ó thionóntaí a bhfuil téarmaí a gcomhaontaithe ligin comhlíonta acu.
8. Má dhéantar tairiscint i ndiaidh próiseáil an iarratais seo, caithfear glacadh léi i scríbhinn trí d'aturnae chomh maith le cóip den chomhaontú iasachta a sheoladh chuig an oifig seo laistigh d'uastréimhse dhá mhí. Má theiptear amhail a dhéanamh, nó mura bhfaigheann an oifig seo fógra glactha dá leithéid, glacfar leis go bhfuil na téarmaí ceannaigh á dhiúltú agat.
9. Tá sé de cheart ag iarratasóirí luacháil neamhspleách ar an réadmhaoin a iarradh má mheastar go bhfuil luacháil na Rannóige Tithíochta míréasúnta.
10. Ní dhéanfar próiseáil ar fhoirmeacha neamhiomlána ná ar fhoirmeacha nach bhfuil na deimhnithe ioncaim riachtanacha i dteannta leo.
11. Ní bheidh aon chonradh ceangailteach i bhfeidhm go dtí go mbíonn téarmaí na litreach tairisceana comhaontaithe i scríbhinn ag an iarratasóir, agus faoi réir faomhadh na Comhairle Cathrach nuair is cuí, nó aturnae an iarratasóra.

Geallaimid na téarmaí ceannaigh a chomhlíonadh laistigh de 6 mhí ó dháta na tairisceana.

**Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas a thugtar san iarratas seo fíor ar feadh mo chuid/ár gcuid eolais agus tuairime.**

**Sínithe_________________________________________ Iarratasóir(í).**
**I láthair _____________________________________________, Aturnae don Iarratasóir(í)**
**inniu an _________ lá de ________________________________, 20_______.**
**Faighte ag an Rannóg Tithíochta _______________________________________.**

**<u>SCÉIM CHEANNAIG AG TIONÓNTAÍ 1995 – RANNÓG TITHÍOCHTA CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ</u>**

**Cé atá incháilithe chun ceannach?**
Más tionónta ainmnithe tú i dteach údaráis áitiúil ar feadh bliana (12 mí ar a laghad) is féidir iarratas ar cheannach a dhéanamh ar an údarás áitiúil a ligeann an teach ar cíos leat. Ní féidir ach ainm an tionónta ainmnithe a bheith ar na gníomhais teidil. Ba chóir duit a bheith ag maireachtáil sa teach a bhfuil tú ag iarraidh a cheannach mar do ghnátháit chónaithe freisin.

**An bhfuil dáta deiridh ann?**
Ní bhaineann aon dáta deiridh leis an scéim agus mar sin ceadaítear do thionóntaí ceannach ina gcuid ama féin de réir mar a cheadaíonn na cúinsí.

**Conas a ríomhtar an praghas ceannaigh?**
An praghas a bheidh ar an teach ná luach an mhargaidh á chinneadh ag an údarás áitiúil, ina dheisriocht eiseach, lúide lascainí. Cuirfear riocht struchtúrtha an tí san áireamh agus tabharfar neamhaird ar aon mhéadú ar an luach margaidh de bharr feabhsuithe atá déanta agat leis an teach i ríomh an phraghais.

**Cad iad na lascainí atá ar fáil?**
Ceadófar lascaine 3% ar luach an tí do gach bliain suas le huasmhéid 10 mbliana.

**Conas a mhaoinítear ceannach glan amach?**
Beidh an praghas ceannaigh iníoctha ag an díolphointe agus beidh an tionónta, mar cheannaitheoir, freagrach as teacht ar an airgeadas riachtanach. Má bhíonn iasacht mhorgáiste de dhíth ort faoi mar a bhíonn i gcás formhór na gceannaitheoirí, tá sé de rogha agat iarratas a dhéanamh ar d'údarás áitiúil nó ar Chumann Foirgníochta. Beidh an t-údarás áitiúil, <u>faoi réir na gcritéar leagtha síos le haghaidh faofa na n-iasachtaí údaráis áitiúil</u>, in ann an méid seo a leanas a thairiscint:

- Iasacht ag ráta athraitheach 2.25% (.i. ardaíonn nó titeann sí faoi mar a athraíonn rátaí úis i gcoitinne) atá faoi réir uasmhéid €185,000. **(Tabhair faoi deara: Caithfear Tréimhse na hIasachta a chomhlíonadh sula sroichtear 65 bliain d'aois)**

D'aontaigh Cumainn Foirgníochta agus Bainc breithniú a dhéanamh ar iarratais iasachta ó thionóntaí atá ag ceannach a dtithe glan amach ar an mbonn céanna le hiarratas a dhéanamh ar iasacht chun teach príobháideach a cheannach. <u>Sa chás nach ndéantar an tairiscint ach le duine amháin agus má tá an ceannach á mhaoiniú agat i gcomhar le haon duine eile, beidh gá le deimhniú ón institiúid iasachta go bhfuil sí feasach go ndílseofar an teideal i d'ainmse amháin.</u> Beidh an réimse roghanna céanna le haon iasachtaí eile agat maidir leis an gcineál iasachta, rátaí úis s.rl., a bheidh ag teastáil uait.

**An féidir le tionónta cur in aghaidh luacháil an údaráis áitiúil?**
Is féidir trí dheimhniú luachála ó luachálaí cáilithe a chur faoi bhráid chun tacú le d'éileamh. I gcás difríocht suntasach a bheith idir luacháil bunaidh an údaráis áitiúil agus é sin soláthartha ag an tionónta, cuirfidh an t-údarás áitiúil an t-ábhar faoi bhráid na hOifige Luachála.

**An bhfuil aon tithe eisiata ó dhíolachán?**
Eisiaitear go sonrach tithe a sholáthraítear do dhaoine scothaosta, árasáin agus teaghasáin. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an t-údarás áitiúil tithe a eisiamh faoina rogha féin de bharr bainistíocht eastáit mhaith, riocht struchtúrtha nó chun oibreacha deisiúcháin a dhéanamh orthu. I gcoitinne, seachas na catagóirí seo, is féidir gach teach a áireamh sa Scéim.

**An gcaithfidh an tÚdarás Áitiúil a chinntiú go bhfuil an teach i ndea-riocht struchtúrtha?**
Ní chaithfidh. Léireoidh praghas díola an tí a dheisriocht eiseach. Dá bhrí sin, níl an t-údarás áitiúil faoi oibleagáid ar bith a chinntiú go bhfuil aon teach atá á cheannach i ndea-riocht struchtúrach sula ndíoltar é. Ní fheidhmeoidh aon bharánta ó údarás áitiúil, ná ní mheasfar go dtugtar ceann le tuiscint, i ndáil le deisriocht nó oiriúnacht mar áit chónaithe de chuid aon teach a dhíoltar faoin Scéim.

**Cé atá freagrach as cothabháil an tí tar éis é a cheannach?**
Mar a bhíonn amhlaidh le gach úinéir tí, beidh tú go hiomlán freagrach as cothú agus cothabháil an tí ón dáta a shíníonn tú an comhaontú ceannaigh leis an Údarás Áitiúil.

**An gcáilíonn ceannaitheoirí tionónta le haghaidh faoisimh chánach?**
Cáilíonn. Is féidir leat cáiliú don ghnáth-fhaoiseamh ó cháin ioncaim ar d'ús morgáiste.

**An bhfuil árachas um chosaint morgáiste riachtanach?**
Tá a leithéid d'árachas éigeantach i gcás morgáiste údaráis áitiúil. Gearrtar ráta 0.5615% air a chuirtear leis an ráta úis ar d'iasacht. Éilíonn agus eagraíonn Cumainn Foirgníochta agus Bainc Cosaint Morgáiste de ghnáth freisin.

**An mbaineann costais eile leis an gceannach?**
Seachas an praghas ceannaigh iníoctha le Comhairle Cathrach Chorcaí, beidh tú freagrach as táille dlíthiúil d'Aturnae a íoc, chomh maith le táille d'Innealtóra agus táillí clárúcháin is iníoctha chun d'úinéireacht ar an réadmhaoin a chlárú. Beidh ort táillí de chuid aon iasachtaí óna ngnóthaíonn tú airgeadas a íoc freisin. Beidh ort na muirir chíosa, bhruscair agus sheirbhíse uile atá dlite i leith na réadmhaoine a íoc freisin le Comhairle Cathrach Chorcaí ar dháta comhlánaithe an díolacháin. Ní bheidh aon dleacht stampála iníoctha agat ar an aistriú ó Chomhairle Cathrach Chorcaí áfach.

**An mbaineann srianta le húsáid/athdhíol an tí?**
Baineann. Caithfidh an ceannaitheoir (.i. tionónta), a mhuintir/muintir nó comharba i dteideal an teach a áitiú mar ghnátháit chónaithe mura gceadaíonn an t-údarás áitiúil a mhalairt go sonrach. Más mian leat an teach a dhíol laistigh de thréimhse 25 bliain ón dáta ceannaigh nó sula ngnóthaíonn tú úinéireacht iomlán air, caithfear toiliú a fháil ón údarás áitiúil.

**Cé chomh fada a thógann sé an ceannach a chur i gcrích?**
Tá 2 mhí agat chun glacadh le haon tairiscint a dhéantar i scríbhinn trí d'aturnae agus trí chóip den chomhaontú iasachta a iamh. Chomh luath agus a ghlactar le téarmaí na tairisceana, meastar go bhfuil conradh ceangailteach curtha ar bun. Tá sé mar fhreagracht ort an tairiscint a ghlacadh laistigh den am scála dhá mhí. Má theiptear é sin a dhéanamh, glacfar leis go bhfuil an tairiscint á diúltú agat agus ní bheidh d'iarratas bailí níos mó.
Ní dhéanfar aon tairiscint go dtí go bhfuil an t-airgead go léir atá dlite do Chomhairle Cathrach Chorcaí íoctha in iomlán agus go bhfuil sé dearbhaithe ag an údarás áitiúil go bhfuil taifead tionónta glan agat.
Más rud é go raibh muirir chíosa, sheirbhíse s.rl. le híoc, tá sé mar fhreagracht ort a chur in iúl don Rannóg Tithíochta nuair atá siad glanta. Tugtar comhairle duit é seo a dhéanamh ar bhonn tráthúil chun luacháil do thí a aimsiú, a d'fhéadfadh méadú de bhua aon mhoill ina leith seo.

**Cá háit ar féidir tuilleadh eolais a fháil?**
Tá foireann na rannóige tithíochta ar fáil chun cabhrú leat le d'iarratas ó Luan go hAoine ó 9.00rn go 5.00in gach seachtain. Táthar ar fáil go laethúil chomh maith ar línte gutháin díreacha: 4924243, 4924015, 4924169, 4924402.

**Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe ar ais chuig Rannóg na nDeontas & na nIasachtaí Tithíochta, Urlár na Talún, Halla na Cathrach, Corcaigh, leis na nithe seo a leanas le do thoil**

1. **Táille iarratais €30.00**
2. **Cóip de na Sonraí Ioncaim**
3. **Foirm iarratais sínithe ag d'aturnae**